

# Treoir Cur Chun Feidhme eTwinning Oideachas Luath - Óige



Is é Aistear an Creat Curaclaim Luath - Óige do gach leanbh idir 0 - 6 bliana d'aois in Éirinn. Baineann an creat úsáid as ceithre théama idirnasctha chun cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na leanaí: Folláine; Féiniúlacht agus Muintearas; Cumarsáid; agus Iniúchadh agus Smaointeoireacht.

Léiríonn an treoir seo conas is féidir eTwinning a úsáid mar uirlis chun an Creat Curaclaim Aistear a chomhlíonadh le tagairt shonrach do na ceithre théama seo.



## Folláine

**TORADH:** Tá na leanaí muiníneach, sona agus sláintiúil.

Trí thionscadail chomhoibríocha eTwinning, is féidir leis na leanaí dul i mbun gníomhaíochtaí atá dírithe ar fheasacht mhothúcháin, mar shampla "bord mothúcháin" a chruthú inar féidir leo mothúcháin éagsúla a chur in iúl le dathanna agus líníochtaí. Déan nasc le scoil chomhpháirtíochta agus malartaigh na boird seo, ag spreagadh na leanaí le tabhairt dá n-aire conas a roinnimid go léir na mothúcháin chéanna agus conas a d'fhéadfaimis iad a chur in iúl ar bhealach difriúil.

## Féiniúlacht agus Muintearas

**TORADH:** Tá tuiscint dhearfach ag na leanaí ar cé hiad féin, forbraíonn siad tuiscint ar a gcultúr agus ar a n-oidhreacht agus mothaíonn siad go bhfuil siad tábhachtach agus go bhfuil meas orthu mar chuid de theaghlach agus de phobal.

Éascaíonn eTwinning nasc le piaraí ó chultúir eile, rud a thugann dearcadh idirnáisiúnta do na leanaí maidir lena gcuid foghlama. D'fhéadfadh líníochtaí nó cur síos ar theaghlach nó ar thraidisiúin a bheith i dtionscadal "Traidisiúin" nó "Mo Bhaile", rud a chothóidh mothúcháin féiniúlachta agus muintearais inar féidir leis na leanaí a gcultúir féin a aithint chomh maith le foghlaim faoi chultúir daoine eile.

## Cumarsáid a dhéanamh

**TORADH:** Roinneann na leanaí a gcuid tairbhí, machnaimh, smaointe agus mothúcháin le muinín agus inniúlacht atá ag fás ar bhealaí éagsúla agus le haghaidh cuspóirí éagsúla.

Feabhsaíonn eTwinning scileanna cumarsáide na leanaí trí idirghníomhaíocht le piaraí ó thíortha éagsúla a chumasú. D'fhéadfaí fiseán "Dia duit" a dhéanamh mar thionscadal eTwinning, ina gcuireann na leanaí iad féin in aithne ina dteanga dhúchais. Cuireann sé seo ar a gcumas iad féin a chur in iúl go muiníneach agus teacht ar an eolas faoi éagsúlacht teanga trí fhoghlaim faoi theangacha agus beannachtaí eile.

## Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

**TORADH:** Baineann na leanaí ciall as na rudaí, na háiteanna agus na daoine ina saol.

Is féidir leis na leanaí páirt a ghlacadh i dtionscadal eTwinning staidéir dúlra ina mbreathnaíonn siad ar phlandaí, ainmhithe nó feithidí áitiúla. Roinnfidh siad a gcuid torthaí ansin trí ghrianghraif nó líníochtaí le scoil chomhpháirtíochta. Spreagann oideachas faoin spéir fiosracht agus machnamh ar an domhan nádúrtha, rud a théann chun tairbhe go mór d'fholláine na leanaí.

## Tionchar d'oideachasóirí

- Bain úsáid as eTwinning chun oiriúnú do bheartais agus spriocanna oideachais náisiúnta.
- Déan nasc le comhpháirtithe idirnáisiúnta i dtimpeallacht shlán shábháilte ar líne.
- Méadaigh caighdeán na n-eispéireas foghlama do na leanaí.
- Faigh rochtain ar phobal tacúil ar líne d'oideachasóirí, d'acmhainní foghlama agus d'imeachtaí tríd an Ardán Eorpach um Oideachas Scoile.
- Téigh i mbun Deiseanna Forbartha Gairmiúla thar lear.